Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

Eagrán Speisialta *

23 Nollaig 2020

An t-eagrán Gaeilge

Faisnéis agus Fógraí

Clár

IV *Fógraí*

FÓGRAÍ Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

An tÚdarás um Páirtithe Polaitiúla Eorpacha agus um Fhondúireachtaí Polaitiúla Eorpacha

Cinneadh ón Údarás um Páirtithe Polaitiúla Eorpacha agus um Fhondúireachtaí Polaitiúla Eorpacha an 26 Samhain 2020 gan an Chomhghuaillíocht um Shíocháin agus um Shaoirse ASBL a chlárú 1

An tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia

Líonrú na n-eagraíochtaí atá ag oibriú sna réimsí a chuimsíonn misean an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia (EFSA) 4

V *Fógairtí*

NÓSANNA IMEACHTA RIARACHÁIN

Parlaimint na hEorpa

Cinneadh 5

GA

* Faoin tagairt C 448 a foilsíodh ábhar an eagráin seo i dteangacha oifigiúla eile an Aontais Eorpaigh.

IV

(Fógraí)

FÓGRAÍ Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

AN TÚDARÁS UM PÁIRTITHE POLAITIÚLA EORPACHA AGUS UM FHONDÚIREACHTAÍ POLAITIÚLA EORPACHA

Cinneadh ón Údarás um Páirtithe Polaitiúla Eorpacha agus um Fhondúireachtaí Polaitiúla Eorpacha

an 26 Samhain 2020

gan an Chomhghuaillíocht um Shíocháin agus um Shaoirse ASBL a chlárú

(Is é an téacs Béarla amháin atá barántúil)

(2020/C 448/01)

TÁ AN tÚDARÁS UM PÁIRTITHE POLAITIÚLA EORPACHA AGUS UM FHONDÚIREACHTAÍ POLAITIÚLA EORPACHA,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1141/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2014 maidir le reacht agus cistiú páirtithe polaitiúla Eorpacha agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha ([1]), go háirithe Airteagal 9 de,

Ag féachaint do na haighneachtaí a fuarthas ón gComhghuaillíocht um Shíocháin agus um Shaoirse ASBL,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Fuair an tÚdarás um Páirtithe Polaitiúla Eorpacha agus um Fhondúireachtaí Polaitiúla Eorpacha (an "tÚdarás") aighneachtaí ón gComhghuaillíocht um Shíocháin agus um Shaoirse ASBL ("APF") chun í a chlárú mar pháirtí polaitiúil Eorpach an 12 agus an 26 Lúnasa 2020.

(2) Ba chosúil go raibh na haighneachtaí sin ag brath ar réamhchlárú APF mar pháirtí polaitiúil Eorpach faoi Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1141/2014 ([2]).

(3) An 27 Lúnasa 2020, mheabhraigh an tÚdarás gur baineadh APF den Chlár le cinneadh an 13 Meán Fómhair 2018 ([3]), agus nár mhór dó, dá bhrí sin, iarratas ar chlárú a chur isteach de bhun Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1141/2014 chun clárú nua a fháil.

(4) An 4 Meán Fómhair 2020, chuir APF sraith doiciméad isteach a raibh an chosúlacht orthu gurbh iad na doiciméid chéanna iad is a cuireadh ar fáil cheana an 12 agus an 26 Lúnasa.

(5) An 8 Meán Fómhair 2020, fuair an tÚdarás foirm bhallraíochta a tháinig ó Nationaldemokratische Partei Deutschlands (an Ghearmáin).

([1]) IO L 317, 4.11.2014, lch. 1.

([2]) Cinneadh ón Údarás an 9 Feabhra 2018 maidir leis an gComhghuaillíocht um Shíocháin agus um Shaoirse a chlárú (IO C 193, 6.6.2018, lch. 9).

([3]) Cinneadh ón Údarás an 13 Meán Fómhair 2018 maidir leis an gComhghuaillíocht um Shíocháin agus um Shaoirse a bhaint den Chlár (IO C 417, 16.11.2018, lch. 11).

(6) An 10 Meán Fómhair 2020, d'athdhearbhaigh an tÚdarás nár mhór do APF iarratas a chur isteach chun clárú mar pháirtí polaitiúil Eorpach.

(7) An 18 Meán Fómhair 2020, chuir APF aighneacht bhreise isteach (i dteannta na n-aighneachtaí a cuireadh isteach roimhe sin dá ngairtear "an t-iarratas" anseo feasta), lena n-áirítear, i measc nithe eile, foirmeacha ballraíochta ó Falange Española de las JONS (an Spáinn) agus E.LA.SYN. (an Ghréig).

(8) An 19 Deireadh Fómhair 2020, chuir an tÚdarás in iúl do APF go raibh an t-iarratas neamhiomlán agus, sa bhreis air sin, thug sé dá aire gur róléir nár leor, in aon chás, trí fhoirm bhallraíochta le haghaidh trí Bhallstát a chur ar fáil chun clárú a fháil.

(9) An 26 Deireadh Fómhair 2020, ghlac an tÚdarás réamh-mheasúnú a bhí dírithe chuig APF, inar leagadh a réamhthuairim amach nár chomhlíon an t-iarratas ceann amháin ar a laghad de na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 3(1) de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1141/2014.

(10) Go háirithe, níor chruthaigh APF go gcomhlíonann sé an coinníoll a leagtar síos i bpointe (b) d'Airteagal 3(1) de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1141/2014 (na "ceanglais íosta ionadaíochta").

(11) De réir na forála sin, chun clárú mar pháirtí polaitiúil Eorpach, ní mór don iarratasóir a chruthú go bhfuil ionadaíocht á déanamh ar a bhallpháirtithe, in aon cheathrú de na Ballstáit ar a laghad, ag feisirí de Pharlaimint na hEorpa, de pharlaimintí náisiúnta, de pharlaimintí réigiúnacha nó de thionóil réigiúnacha, nó go bhfuair sé féin nó a bhallpháirtithe, in aon cheathrú de na Ballstáit ar a laghad, trí faoin gcéad ar a laghad de na vótaí a caitheadh i ngach ceann de na Ballstáit sin ag na toghcháin is déanaí do Pharlaimint na hEorpa.

(12) Maidir le hionadaíocht ar na ballpháirtithe, níor bhain an doiciméadacht in iarratas APF a d'fhéadfaí a choinneáil ach le trí Bhallstát: (i) an Ghearmáin, (ii) an Ghréig agus (iii) an Spáinn, agus ní leor an leibhéal ionadaíochta sin chun na ceanglais íosta ionadaíochta a chomhlíonadh, ceanglais lena n-éilítear ionadaíocht i seacht mBallstát ar a laghad.

(13) Sa bhreis air sin, níor chuir APF doiciméadacht isteach lena gcruthófaí go bhfuair sé féin nó a bhallpháirtithe, i seacht mBallstát ar a laghad, trí faoin gcéad ar a laghad de na vótaí a caitheadh i ngach ceann de na Ballstáit sin ag na toghcháin is déanaí do Pharlaimint na hEorpa, agus, in aon chás, bheadh feidhm *mutatis mutandis* ag na breithnithe céanna a leagtar amach in Aithris (12).

(14) Tríd an réamh-mheasúnú, d'iarr an tÚdarás ar APF aon bharúil i scríbhinn a theastaigh uaidh a chur isteach a chur ar fáil faoin 10 Samhain 2020 agus d'athdhearbhaigh sé freisin go raibh an t-iarratas neamhiomlán in aon chás.

(15) Níor chuir APF aon bharúlacha ar fáil mar fhreagra ar an réamh-mheasúnú.

(16) I bhfianaise an mhéid sin, ní gá don Údarás measúnú a dhéanamh ar fhiúntas an chuid eile den iarratas.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Diúltaítear leis seo don iarratas a thaisc an Chomhghuaillíocht um Shíocháin agus um Shaoirse ASBL ar chlárú mar pháirtí polaitiúil Eorpach.

Airteagal 2

Gabhfaidh éifeacht leis an gCinneadh seo an lá a dhéanfar é a fhógairt.

Airteagal 3

Dírítear an Cinneadh seo chuig

An Chomhghuaillíocht um Shíocháin agus um Shaoirse
Rue Abbé Cuypers 3
1040 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 26 Samhain 2020.

Thar ceann an Údaráis um Páirtithe Polaitiúla Eorpacha
agus um Fhondúireachtaí Polaitiúla Eorpacha
An Stiúrthóir
M. ADAM

AN TÚDARÁS EORPACH UM SHÁBHÁILTEACHT BIA

Líonrú na n-eagraíochtaí atá ag oibriú sna réimsí a chuimsíonn misean an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia (EFSA)

(2020/C 448/02)

Foráiltear le hAirteagal 36(2) de Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ([1]) go ndéanfaidh "Bord Bainistíochta [an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia], ag gníomhú dó ar thogra ón Stiúrthóir Feidhmiúcháin, dréachtú ar liosta, a bheidh le cur ar fáil don phobal, d'eagraíochtaí inniúla atá ainmnithe ag na Ballstáit agus a d'fhéadfadh cabhrú leis an Údarás, ina n-aonar nó i líonraí, a mhisean a chomhlíonadh".

Dhréachtaigh Bord Bainistíochta an EFSA an liosta den chéad uair an 19 Nollaig 2006 agus, ón uair sin i leith, déantar é:

i. a nuashonrú go rialta, bunaithe ar thograí ó Stiúrthóir Feidhmiúcháin an EFSA, agus athbhreithnithe nó tograí nua ainmniúcháin ó na Ballstáit á gcur san áireamh (de réir Airteagal 2(4) de Rialachán (CE) Uimh. 2230/2004 ón gCoimisiún ([2])); agus

ii. a chur ar fáil don phobal ar shuíomh Gréasáin an EFSA, áit a bhfoilsítear an liosta is cothroime le dáta d'eagraíochtaí inniúla.

Tá an fhaisnéis sin faoi seach ar fáil ar láithreán gréasáin EFSA faoi na naisc seo a leanas:

i. an leasú is déanaí ar an liosta d'eagraíochtaí inniúla ag Bord Bainistíochta EFSA an [17/12/2020] – [https://www.efsa.europa.eu/en/events/event/85th-management-board-web-meeting]; agus

ii. an liosta nuashonraithe d'eagraíochtaí inniúla – http://www.efsa.europa.eu/en/partnersnetworks/scorg.

Coinneoidh EFSA an fógra seo cothrom le dáta, go háirithe maidir leis na naisc shuíomh Gréasáin atá curtha ar fáil.

Le tuilleadh faisnéise a fháil, téigh i dteagmháil le Cooperation.Article36@efsa.europa.eu.

([1]) Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2002 lena leagtar síos prionsabail ghinearálta agus riachtanais maidir le dlí faoi bhia, lena mbunaítear an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia agus lena leagtar síos nósanna imeachta um shábháilteacht bia (IO L 31, 1.2.2002, lgh. 1).

([2]) Rialachán (CE) Uimh. 2230/2004 ón gCoimisiún an 23 Nollaig 2004 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an líonra eagraíochtaí atá ag oibriú sna réimsí a chuimsíonn misean an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia (IO L 379, 24.12.2004, lgh. 64), arna leasú go deireanach.

V

(Fógairtí)

NÓSANNA IMEACHTA RIARACHÁIN

PARLAIMINT NA HEORPA

Cinneadh

(2020/C 448/03)

TÁ ARD-RÚNAÍ PHARLAIMINT NA hEORPA,

— AG FÉACHAINT DO Rialachán (CEE, Euratom, CEGC) Uimh. 259/68 ón gComhairle ([1]) arna leasú, go háirithe, ag Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1023/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2013, lena leasaítear Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh ([2]), agus go háirithe Airteagal 30 de na Rialacháin Foirne sin;

— AG FÉACHAINT DON chinneadh ó Bhiúró Pharlaimint na hEorpa an 13 Eanáir 2014 maidir le tarmligean chumhachtaí an údaráis cheapacháin agus an údaráis atá cumhachtaithe chun conarthaí fostaíochta a chur i gcrích (ÚCCF);

— AG FÉACHAINT DON dáta éagtha, an 31 Nollaig 2020, de na painéil seo a leanas de Pharlaimint na hEorpa:

PE/168/S, PE/171/S, PE/186/S, AD/1/16, AD/2/16 (P), PE/200/S, AST/1/13, AST/1/16 agus AST/2/16 (P)

— AG FÉACHAINT DON tuairim ón gComhchoiste arna heisiúint ag a chruinniú an 21 Deireadh Fómhair 2020,

TAR ÉIS A CHINNEADH:

Airteagal aonair

Tá tréimhse bailíochta na bpainéal seo a leanas:

PE/168/S, PE/171/S, PE/186/S, AD/1/16, AD/2/16 (P), PE/200/S, AST/1/13, AST/1/16 agus AST/2/16 (P)

fadaithe go dtí an 31 Nollaig 2021.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, 27 Samhain 2020.

Klaus WELLE
Ard-Rúnaí

([1]) IO L 56, 4.3.1968, lch. 1.
([2]) IO L 287, 29.10.2013, lch. 15.

ISSN 1977-107X (leagan leictreonach)
ISSN 1725-2458 (leagan páipéir)

Oifig Foilseachán
an Aontais Eorpaigh
L-2985 Lucsamburg
LUCSAMBURG

GA